Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2026
(OR. en)

16239/26

EF 303
ECOFIN 1512
DELACT 177

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 7806 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 6.11.2026 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1052 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha is infheidhme maidir le cláir aischeannaigh agus bearta cobhsúcháin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 7806 final.

Faoi iamh: C(2026) 7806 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.11.2026
C(2026) 7806 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

an 6.11.2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1052 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha is infheidhme maidir le cláir aischeannaigh agus bearta cobhsúcháin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is aidhm do Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (an 'Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh')[1] sláine an mhargaidh a áirithiú agus infheisteoirí a chosaint trí thoirmeasc a chur ar an trádáil cos istigh, ar nochtadh neamhdhleathach faisnéise ón taobh istigh, agus ar chúbláil margaidh ar fud mhargaí airgeadais na hEorpa. Féachann sé freisin leis an trédhearcacht a fheabhsú agus cothrom iomaíochta a chruthú idir na rannpháirtithe uile sa mhargadh.

Le Rialachán (AE) 2024/2809 (an 'Gníomh um Liostú')[2], lenar leasaíodh freisin Rialacháin (AE) 2017/1129 ('an Rialachán maidir le Réamheolairí') agus (AE) Uimh. 600/2014, leasaíodh an Rialachán maidir le Drochúsáid Margaidh le déanaí. Ceapadh an Gníomh um Liostú chun rochtain ar mhargaí caipitil poiblí a fheabhsú le haghaidh cuideachtaí de chuid an Aontais, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, trí na hualaí riaracháin a bhaineann le liostú a laghdú agus sláine an mhargaidh á cosaint an tráth céanna.

Le hAirteagal 5 den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh déantar foráil maidir le díolúine choinníollach ó na toirmisc ar dhéileáil cos istigh agus maidir le nochtadh neamhdhleathach faisnéise ón taobh istigh (Airteagal 14 den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh) agus maidir le cúbláil margaidh (Airteagal 15 den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh) le haghaidh idirbhearta aischeannaigh agus le haghaidh idirbhearta arna ndéanamh chun críoch cobhsaíochta. Leis an nGníomh um Liostú leasaíodh Airteagal 5 den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh chun simpliú a dhéanamh ar na coinníollacha is infheidhme maidir le hidirbhearta aischeannaigh i ndáil lena dtuairisciú d'údaráis inniúla agus lena nochtadh poiblí ina dhiaidh sin. Ní mór na leasuithe sin a léiriú anois i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1052 ón gCoimisiún[3], ina sonraítear a thuilleadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh.

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1052 a thuilleadh chun

– nach gceadófar idirbhearta aischeannaigh a thuairisciú ach amháin i bhfoirm chomhiomlánaithe;

– an córas nochta agus tuairiscithe le haghaidh bearta cobhsúcháin a ailíniú leis an gcóras is infheidhme maidir le cláir aischeannaigh, ós rud é go bhfuil idirbhearta cobhsúcháin comhchosúil ar bhonn coincheapúil le hidirbhearta aischeannaigh agus go rialaítear iad ar an gcaoi chéanna le hAirteagal 5 den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lgh. 1-61, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/596/oj).

[2] Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1129, (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) Uimh. 600/2014 chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L, 2024/2809, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2809/oj).

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1052 ón gCoimisiún an 8 Márta 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir leis na coinníollacha is infheidhme maidir le cláir aischeannaigh agus bearta cobhsúcháin (IO L 173, 30.6.2016, lgh. 34-41, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/1052/oj).

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ceanglaítear ar ESMA comhairliúchán poiblí oscailte a dhéanamh agus anailís a dhéanamh ar na costais agus na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis sula gcuirfidh sé dréachtchaighdeáin theicniúla rialála faoi bhráid an Choimisiúin, ach amháin má tá na comhairliúcháin agus na hanailísí sin an-díréireach i ndáil le raon feidhme agus tionchar na ndréachtchaighdeán teicniúil rialála. Sa chás seo, ní dhearna ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, ná níl anailís déanta aige ar na costais agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na caighdeáin sin, toisc gur measadh go raibh sé sin an-díréireach, ós rud é go n-eascraíonn formhór na leasuithe go díreach as athruithe ar Airteagal 5 den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh, agus mar gheall ar thionchar teoranta ionchasach na leasuithe ar rannpháirtithe sa mhargadh.

Sheol ESMA an tuarascáil chríochnaitheach maidir leis na caighdeáin theicniúla rialála chuig an gCoimisiún i mí Feabhra 2026[4]. Nuair a bhí athbhreithniú á dhéanamh ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála, chuir an Coimisiún san áireamh iarrataí a fuarthas ó roinnt údaráis inniúla náisiúnta chun na hathruithe is infheidhme maidir le hidirbhearta aischeannaigh a leathnú chuig an gcóras chun bearta cobhsúcháin a thuairisciú agus a nochtadh go poiblí.

Foilsíodh na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar an tairseach um Rialáil Níos Fearr ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine ón 21 Meán Fómhair go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2026, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Fuair an Coimisiún 7 mbarúil, ar fuarthas 3 cinn díobh ó dhaoine aonair agus 4 cinn díobh ó chomhlachais. Níor ghá leasuithe a dhéanamh ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar gheall ar aon cheann de na barúlacha a fuarthas.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 1, leagtar amach na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1052, agus go háirithe leasuithe maidir leis an méid seo a leanas:

- Airteagal 2(2), chun a shonrú gur cheart d'eisitheoirí idirbhearta aischeannaigh a thuairisciú d'údarás inniúil an mhargaidh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta i bhfoirm chomhiomlánaithe;
- Airteagal 2(3), chun a shonrú, i gcomhréir le leasuithe ar Airteagal 5 den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh, gurb é atá i gceist le nochtadh leordhóthanach idirbheart aischeannaigh ceanglas chun na hidirbhearta sin a nochtadh i bhfoirm chomhiomlánaithe;
- Airteagail 6(2) agus (4), chun na ceanglais i ndáil le nochtadh agus tuairisciú idirbheart cobhsúcháin a ailíniú leis na ceanglais maidir le nochtadh agus tuairisciú idirbheart aischeannaigh, i.e. nochtadh agus tuairisciú i bhfoirm chomhiomlánaithe a cheadú agus gan tuairisciú a cheadú ach d'údarás inniúil an mhargaidh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta le haghaidh na n-ionstraimí lena mbaineann, agus oibleagáid ar an údarás sin, arna iarraidh sin, an fhaisnéis a chur ar aghaidh chuig údarás inniúil

[4] ESMA, Tuarascáil maidir leis na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe 2016/1052 ón gCoimisiún maidir le cláir aischeannaigh agus bearta cobhsúcháin, https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/2026-02/ESMA74-268544963-1569_Report_on_the_amendments_to_Commission_Delegated_Regulation_20161052_on_buy-back_programmes_and_stabilisation_measures.pdf

gach ionaid trádála inar ligeadh na hionstraimí sin isteach chun a dtrádála agus ina dtrádáiltear iad.

Le hAirteagal 2, leagtar amach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

an 6.11.2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1052 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha is infheidhme maidir le cláir aischeannaigh agus bearta cobhsúcháin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún[5], agus go háirithe Airteagal 5(6), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leasaíodh Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 trína cheangal ar eisitheoirí idirbhearta a bhaineann le cláir aischeannaigh a thuairisciú d'údarás inniúil an mhargaidh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus don údarás sin amháin[6], seachas d'údarás inniúil gach ionaid trádála inar ligeadh na scaireanna isteach chun a dtrádála nó ina dtrádáiltear iad, chun bheith in ann tairbhe a bhaint as an díolúine a leagtar síos in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014. Le Rialachán (AE) 2024/2809 simplíodh freisin an córas nochta le haghaidh idirbhearta aischeannaigh trí chead a thabhairt d'eisitheoir gan ach an méid comhiomlánaithe agus an meánphraghas ualaithe in aghaidh an lae agus in aghaidh an ionaid trádála a nochtadh don phobal. Dá bhrí sin, is gá Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1052 a leasú chun é a ailíniú leis na leasuithe sin ar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014.

(2) Chun an t-ualach riaracháin ar eisitheoirí a bhfuil clár aischeannaigh á sheoladh acu a laghdú, agus an tráth céanna cumas na n-údarás inniúil a chaomhnú maidir le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht trádála agus iompraíochtaí amhrasacha a bhaineann le feidhmiú na gclár aischeannaigh a bhrath, ba cheart d'eisitheoirí na hidirbhearta a bhaineann le cláir aischeannaigh a thuairisciú i bhfoirm chomhiomlánaithe d'údarás inniúil an mhargaidh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta le haghaidh na scaireanna, dá dtagraítear in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

---

5 IO L 173, 12.6.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/596/oj.

6 Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/600/oj).

(3) Chun an t-ualach riaracháin ar eisitheoirí, ar thairgeoirí, agus ar eintitis a dhéanann bearta cobhsúcháin a laghdú, agus chun láimhseáil rialála na mbeart cobhsúcháin a ailíniú le láimhseáil rialála clár aischeannaigh, ba cheart do na heisitheoirí, na tairgeoirí nó na heintitis sin faisnéis faoi na bearta cobhsúcháin a nochtadh i bhfoirm chomhiomlánaithe. Ar an gcúis chéanna, ba cheart do na heisitheoirí, na tairgeoirí nó na heintitis sin idirbhearta atá mar chuid de chlár cobhsúcháin a thuairisciú i bhfoirm chomhiomlánaithe, agus gan iad a thuairisciú ach d'údarás inniúil an mhargaidh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta le haghaidh gach ionstraime lena mbaineann, dá dtagraítear in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. Ba cheart don údarás inniúil sin, arna iarraidh sin air, an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig údarás inniúil gach ionaid trádála inar ligeadh na hurrúis faoin gcobhsú agus na hionstraimí gaolmhara isteach chun a dtrádála agus ina dtrádáiltear iad.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1052 a leasú dá réir.

(5) Tá an Rialachán seo bunaithe ar dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi bhráid an Choimisiúin.

(6) Ní dhearna ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, ná níl anailís déanta aige ar na costais agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na caighdeáin sin a thabhairt isteach, ós rud é go mbeadh sé an-díréireach i ndáil le raon feidhme agus tionchar na gcaighdeán sin dá ndéanfaí amhlaidh, agus a raon feidhme teoranta á chur san áireamh chomh maith leis an gcaoi nach fhorchuirtear aon cheanglas breise ar rannpháirtithe sa mhargadh leo. Foilsíodh an dréacht críochnaitheach ar Thairseach an Choimisiúin Eorpaigh um Rialáil Níos Fearr ar feadh tréimhse 4 seachtaine ón 21 Meán Fómhair go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2026 chun go dtabharfaí aiseolas air,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1052

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1052 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. Chun críocha Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, tuairisceoidh an t-eisitheoir i bhfoirm chomhiomlánaithe na hidirbhearta a bhaineann leis an gclár aischeannaigh tráth nach déanaí ná deireadh an seachtú seisiún margaidh laethúil tar éis dháta forghníomhaithe na n-idirbheart sin, agus an méid comhiomlánaithe agus an meánphraghas ualaithe in aghaidh an lae agus in aghaidh an ionaid trádála á léiriú.

3. Chun críocha Airteagal 5(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, áiritheoidh an t-eisitheoir nochtadh poiblí leordhóthanach i bhfoirm chomhiomlánaithe de na trádálacha dá dtagraítear san Airteagal sin tráth nach déanaí ná deireadh an seachtú seisiún margaidh laethúil tar éis dháta forghníomhaithe na dtrádálacha sin, agus an méid comhiomlánaithe agus an meánphraghas ualaithe in aghaidh an lae agus in aghaidh an ionaid trádála á léiriú. Déanfaidh an t-eisitheoir an fhaisnéis a nochtar a phostáil ar a shuíomh gréasáin freisin agus coinneoidh sé an fhaisnéis sin ar fáil don phobal ar feadh 5 bliana ó dháta an nochta phoiblí.';

(2) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Le linn na tréimhse cobhsaithe, áiritheoidh na daoine arna n-ainmniú de bhun mhír 5 nochtadh poiblí leordhóthanach na n-idirbheart cobhsúcháin uile i bhfoirm chomhiomlánaithe tráth nach déanaí ná deireadh an seachtú seisiún margaidh laethúil tar éis dháta forghníomhaithe na n-idirbheart sin, agus an méid comhiomlánaithe agus an meánphraghas ualaithe in aghaidh an lae agus in aghaidh an ionaid trádála á léiriú.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Tabharfaidh eisitheoirí, tairgeoirí nó eintitis a thugann faoin gcobhsú, bíodh siad ag gníomhú thar ceann an eisitheora nó an tairgeora nó ná bíodh, fógra faoi na hidirbhearta cobhsúcháin uile a dhéantar in urrúis agus in ionstraimí gaolmhara d’údarás inniúil an mhargaidh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014* i gcás gach ceann de na hurrúis agus na hionstraimí lena mbaineann.

Déanfar an tuairisciú sin i bhfoirm chomhiomlánaithe, agus an méid comhiomlánaithe agus an meánphraghas ualaithe in aghaidh an lae agus in aghaidh an ionaid trádála á léiriú.

Cuirfidh an t-údarás inniúil is faighteoir, arna iarraidh sin air, an fhaisnéis ar aghaidh chuig údaráis inniúla gach ionaid trádála inar ligeadh na hurrúis agus na hionstraimí gaolmhara isteach chun a dtrádála agus ina dtrádáiltear iad.

---

* Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/600/oj).’.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6.11.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN